Aoisbhá
DHÚN NA NGALL

Comhairle Contae
Dhún na nGall

# Treoir Eolais do Dhaoine i dtaca le Seirbhísí do Dhaoine Breacaosta i gContae Dhún na nGall










Aoisbhá
DHÚN NA NGALL

Aoisbhá
ÉIREANN

**Aoisbhá Éireann**
Tá Aoisbhá Éireann tiomanta do thacú le forbairt Comhaontas Aoisbhách chun torthaí sláinte agus folláine dhaoine breacaosta ar fud na hÉireann a fheabhsú.
Más mian leat teacht ar níos mó eolais faoin Chlár Aoisbhách tig teagmháil a dhéanamh le Comhairle Contae Dhún na nGall nó logáil isteach ar shuíomh gréasáin Aoisbhá Éireann:
www.agefriendlyireland.ie


**Ionad Seirbhíse Comhroinnte**
**Comhairle Contae na Mí**
**Teach Buvinda**
**An Uaimh,**
**Co. na Mí**
**C15 Y291**

**Cuir scairt ar 046 9032170**
**Rphost: agefriendlyireland@meathcoco.ie**

# Clár Ábhair

EOLAS agus COMHAIRLE.......................................5-12
SLÁINTE...................................................................13-24
TITHÍOCHT agus COTHABHÁIL ...........................25-27
SÁBHÁILTEACHT agus SLÁNDÁIL......................28-31
GNÍOMHAÍOCHTAÍ SÓISIALTA agus
FÓILLÍOCHTA........................................................32-39
IOMPAR....................................................................40-42
GRÚPAÍ TACAÍOCHTA ÁITIÚLA..........................43-49
EOLAS ÚSÁIDEACH EILE.................................50-59
AGUISÍNÍ.................................................................60-71

**Réamhrá**
Bunaíodh Comhaontas Aoisbhá Dhún na nGall go foirmiúil in 2014 agus tugtar le chéile ann príomhpháirtithe leasmhara i dtaca le saol na ndaoine breacaosta ar fud an chontae a fheabhsú.
Tá an Comhaontas tiomanta do chur chuige dearfach i dtaca le haosú a chur chun cinn agus a neartú. Trí chomhoibriú agus trí chomhairliúchán leanúnach le daoine breacaosta, d'fhorbair an Comhaontas Straitéis Aoisbhá Dhún na nGall 2025–2030. Leagtar amach sa straitéis seo fís shoiléir agus sraith spriocanna atá dírithe ar chontae aoisbháúil a dhéanamh de Dhún na nGall ina bhfuil tábhacht le daoine breacaosta, ina dtacaítear leo agus ina ndéantar iad a chumasú.

**Comhairle Dhaoine Breacaosta Dhún na nGall**
Bunaíodh Comhairle Dhaoine Breacaosta Dhún na nGall mar chuid de Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Dhún na nGall agus tá sí le bheith mar ghuth na ndaoine breacaosta ar chomhlachtaí cinnteoireachta agus ar struchtúir an Údaráis Áitiúil. Tá an Chomhairle Dhaoine Breacaosta comhdhéanta d'eagraíochtaí a bhfuil suim acu nó a bhfuil baint acu le saincheisteanna dhaoine breacaosta amhail cumainn ghníomhaíochta lucht scoir, grúpaí cúramóirí, grúpaí chúram na sean agus botháin na bhfear etc. Tagann an Chomhairle Dhaoine Breacaosta le chéile chun ceisteanna coitianta, réitigh agus gníomhaíochtaí a phlé. Más mian le d'eagraíocht phobail a bheith rannpháirteach gabh chuig an suíomh gréasáin www.donegalppn.com chun tuilleadh eolais a fháil faoi Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Dhún na nGall agus cad é an dóigh le clárú chun a bheith mar bhall den Chomhairle Dhaoine Breacaosta.
*Tá an t-eolas atá sa leabhrán seo cruinn tráth a rachaidh sé i gcló i mí Mheán Fómhair 2025, is é cineál an eolais é go mbeidh cuid de míchruinn le himeacht aimsire ach déanfar uasdátú ar an leabhrán seo agus cuirfear ar fáil é trí shuíomh gréasáin Chomhairle Contae Dhún na nGall www.donegalcoco.ie

Séanadh
Tá an t-eolas atá sa leabhrán seo cruinn tráth a chlóite (Meán Fómhair 2025). Mar gheall ar chuid den eolas a bheith ag teacht chun cinn, thiocfadh le roinnt mionsonraí a bheith as dáta le himeacht ama. Beidh fáil ar leagan uasdátaithe den leabhrán seo ag www.donegalcoco.ie

# EOLAS agus COMHAIRLE

Ionad Eolais do Shaoránaigh
Cuireann d'Ionad Áitiúil Eolais do Shaoránaigh seirbhís eolais saor in aisce, ghairmiúil agus rúnda ar fáil i dtaca le cearta agus teidlíochtaí sibhialta agus sóisialta. Seiceáil le d'ionad áitiúil faoi choinne amanna oscailte. Tá 6 cinn de na hionaid sin i gCo. Dhún na nGall

**Bun Cranncha**
**Ionad Eolais Bhun Cranncha do Shaoránaigh**
**12 An Phríomhshráid Íochtarach**
**Bun Cranncha**
**F93 H9PP**
**Guthán: 0818 0754190**

**Carn Domhnach**
**Ionad Eolais Charn Domhnach**
**An Lárionad Seirbhísí Poiblí**
**Bóthar Mhálanna**
**Carn Domhnach**
**F93 YV1N**
**Guthán: 00818 075500**

**Baile Dhún na nGall**
**Ionad Eolais Bhaile Dhún na nGall do Shaoránaigh**
**An tIonad Seirbhísí Poiblí, Droim Lonachair**
**Baile Dhún na nGall**
**F94 DK6C**
**Guthán: 0818 075510**

**Leitir Ceanainn**
**Ionad Eolais Leitir Ceanainn do Shaoránaigh**
**An tIonad Seirbhísí Poiblí,**
**Bóthar Neil T Blaney,**
**Leitir Ceanainn F92 TNY3**
**Guthán: 0818075510**

**Baile na nGallóglach**
**Ionad Eolais Bhaile na nGallóglach do Shaoránaigh**
**An tIonad Seirbhísí Poiblí,**
**Baile na nGallóglach**
**F92 TDOP**
**Guthán: 0818 075450**

**An Clochán Liath**
**Ionad Eolais an Chlocháin Léith, An tIonad Seirbhísí Poiblí**
**Bóthar Ghaoth Dobhair**
**An Clochán Liath F94H4CF**
**Guthán: 0818 075430**

## Seirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid

Is í seirbhís comhairle an Stáit í an tSeirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid, a threoraíonn daoine atá i bhfiacha le breis agus fiche bliain anois. Tá an Líne Chabhrach atá acu oscailte ó Luan go hAoine óna 9 r.n. go 8 i.n. (0761 07 2000).

Tá 4 shuíomh ann i gCo. Dhún na nGall

| | |
|---|---|
| Leitir Ceanainn<br>Urlár 1, Teach Fort Lynn, Leitir Ceanainn, F92 R6NF<br>Guthán: 0818 072460<br>Rphost: letterkenny@mabs.ie | Baile Dhún na nGall<br>Ionad Seirbhísí Poiblí Dhún na nGall, Droim Lonachair,<br>Baile Dhún na nGall F94 DK6C<br>Guthán: 0 8 1 8 0 7 2 4 8 0<br>Rphost: southdonegal@mabs.ie |
| Doirí Beaga<br>Doirí Beaga, F92 KF82<br>Guthán: 0818 072650<br>Rphost:<br>iarthar_dhun_na_ngall@mabs.ie | Inis Eoghain<br>Cearnóg Ard Rámhann,<br>Bun Cranncha<br>F93 N883<br>Guthán: 07617 2470<br>Rphost: buncrana@mabs.ie |

**Uacht a Dhéanamh:**

Tá sé tábhachtach uacht a dhéanamh chun a chinntiú go ndéantar de réir do thola. Déanann sé níos fusa é agus níos saoire chun d'eastát a riaradh fosta. Tá comhairle ghairmiúil inmholta, go háirithe má tá d'eastát mór.

- Cuireann d'Ionad Áitiúil eolas ar fáil i dtaca le 'hUacht a Dhéanamh'.
- Sheol Foras Oispíse na hÉireann tionscnamh úr 'Smaoinigh Romhat Amach'. Spreagtar thú, leis an tionscnamh seo, chun do mhachnamh a dhéanamh faoi do chuid cúrsaí airgeadais agus dlíthiúla. Tugann sé deis duit do mhianta pearsanta i dtaca le cúram leighis agus cúram pearsanta a bhreacadh síos don todhchaí. Tá foirmeacha ar fáil ó d'Ionad Áitiúil Eolais do Shaoránaigh agus ó Chógaslanna nó tig iad a íoslódáil ag www.thinkahead.ie
- Déan do chuid cúrsaí airgid a chosaint i dtreo dheireadh do shaoil; www.keepcontrol.ie chun tuilleadh eolais a fháil.

**Treoir maidir le Teidlíochtaí**
D'fhoilsigh an Bord um Eolas do Shaoránaigh treoir úsáideach agus phraiticiúil i dtaca le seirbhísí do dhaoine agus cearta daoine atá seasca bliain d'aois agus os a chionn agus tá fáil uirthi sin ó Ionaid an Bhoird.
Eolas Náisiúnta do Shaoránaigh ar - 0818 07 4000 (Luan go hAoine 9 r.n. to 8 i.n.) www.citizensinformation.ie

**TEIDLÍOCHTAÍ**
Ba cheart duit iarratas ar do phinsean a chur isteach chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí 3 mhí roimh ré. ww.gov.ie/en/department-of-social-protection/
**Íocaíochtaí árachais shóisialta:** Caithfidh go leor ranníocaíochtaí ÁSPC a bheith agat le go gcáileoidh tú do na híocaíochtaí sin. Cuir iarratas isteach chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí.
**An Pinsean Stáit (Ranníocach):** tá sé sin iníoctha ó aois 66 bliana. Ceadaítear duit ioncam a bheith agat ó aon fhoinse eile agus an pinsean seo á fháil agat, ach tá an t-ioncam agus an pinsean araon incháanach.
Faoin Chreat Náisiúnta um Pinsin, beartaítear roinnt athruithe ar na coinníollaíocha cáilitheacha don Phinsean Stáit (Ranníocach). Ní dhéanann na hathruithe sin difear don Phinsean Stáit (Neamhranníocach).
**Pinsean Ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh:** Thiocfadh leat a bheith incháilithe do Phinsean Ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta más baintreach nó baintreach fir nó páirtnéir sibhialta marthanach thú, murar phós tú in athuair nó mura ndearna tú páirtnéireacht shibhialta úr, agus mura bhfuil tú ag déanamh comhchónaí le duine eile. Tig leat aistriú chuig an Phinsean Stáit (Ranníocach) ag aois 66 bliana.
**Íocaíochtaí de réir tástála acmhainne:** Áirítear aon acmhainn atá agat, amhail ioncam seachtainiúil nó coigilteas i dtaca leis na híocaíochtaí sin, ach ní chuirtear do theach féin san áireamh ann. Caithfidh tú na coinníollacha gnáthchónaithe a chomhlíonadh fosta. Cuir iarratas isteach chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí.
An **Pinsean Stáit (Neamhranníocach):** is íocaíocht í sin do dhaoine atá 66 bliana d'aois nó os a chionn agus nach bhfuil cáilithe faoi choinne Pinsean Stáit (Ranníocach).

**Ag obair agus tú ar scor:** Má fhaigheann tú íocaíocht a thástáiltear ó thaobh acmhainne agus tú ag obair nó féinfhostaithe bíonn tionchar aige sin ar mhéid na híocaíochta sin. Tig leat suas le €200 a thuilleamh ó fhostaíocht inárachaithe gan aon chur isteach ar do Phinsean Stáit (Neamhranníocach).

**Pinsean Neamhranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh**

Thiocfadh leat a bheith incháilithe do Phinsean Neamhranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta más baintreach nó baintreach fir nó páirtnéir sibhialta marthanach thú, murar phós tú in athuair nó mura ndearna tú páirtnéireacht shibhialta úr, agus mura bhfuil tú ag déanamh comhchónaí le duine eile. Tig leat aistriú chuig an Phinsean Stáit (Neamhranníocach) ag aois 66 bliana.

**Pinsin Phríobháideacha:** Pinsin cheirde agus phearsanta Eagraíonn fostóirí pinsin cheirde chun pinsin a sholáthar d'fhostaithe ar dhul ar scor dóibh nó do chleithiúnaithe marthanacha ar bhás fostaí. Eagraíonn daoine féinfhostaithe nó daoine fostaithe nach bhfuil scéim pinsin ceirde acu pinsin phearsanta nó Cuntais Choigiltis Scoir Phearsanta ina n-aonar. Caithfidh tú dul ag plé go díreach leis an soláthraí pinsin chun a dhéanamh amach cad iad na sochair a sholáthraíonn do phinsean duit. Is é an tÚdarás Pinsean an bord rialála faoi choinne pinsin cheirde agus Cuntais Choigiltis Scoir Phearsanta. Má bhíonn gearán agat, cuirfidh an tÚdarás comhairle ort faoi do chearta. Déanann an tOmbudsman Pinsean imscrúdú ar ghearáin a bhaineann le pinsin cheirde agus Cuntais Choigiltis Scoir Phearsanta agus déanann sé cinneadh ina leith. Ar bhonn ginearálta, tig leat ioncam a bheith agat ó fhoinsí eile, mar shampla, ó obair, má tá pinsean á fháil agat. Tá srianta áirithe ar dhaoine a fhaigheann pinsean ar bhonn ioncaim agus a fhaigheann ioncam fostaíochta ón earnáil phoiblí – ba cheart duit sin ar fad a sheiceáil leis an soláthraí pinsin.

## Íocaíochtaí leasa shóisialaigh eile

Méadú i leith Maireachtáil Aonair: Is íocaíocht bhreise é an Méadú i leith Maireachtáil Aonair do dhaoine atá ar phinsin leasa shóisialaigh atá ina gcónaí leo féin. Tá sé ar fáil fosta do dhaoine faoi bhun 66 bliana d'aois a fhaigheann íocaíochtaí áirithe eile ón Roinn Coimirce Sóisialaí.

**Méadú do dhaoine 80 bliain d'aois:** Má fhaigheann tú pinsean leasa shóisialaigh, faigheann tú méadú ar do phinsean go huathoibríoch nuair a bhíonn 80 bliain d'aois slánaithe agat.

Pacáiste Sochar Teaghlaigh: Áirítear sa Phacáiste Sochar Teaghlaigh an Liúntas Leictreachais nó an Liúntas Gáis Nádúrtha agus Saorcheadúnas Teilifíse. Má tá tú 70 bliain d'aois nó os a chionn, tá tú incháilithe beag beann ar d'ioncam nó ar cé a chónaíonn leat. Thiocfadh leis an scéim a bheith ar fáil fosta do dhaoine atá 66 bliana d'aois agus os a chionn agus a fhaigheann íocaíochtaí leasa shóisialaigh áirithe nó a bhfuil a n-ioncam faoi bhun teorainneacha áirithe.

**Saorthaisteal:** Má tá tú os cionn 66 bliana d'aois nó má fhaigheann tú íocaíocht cúramóra nó íocaíocht leasa shóisialaigh áirithe eile, tig leat Pas Saorthaistil a fháil, lena mbeidh tú i dteideal saorthaistil am ar bith ar bhus, de bhóthar, d'iarnród agus ar sheirbhísí Mhearlíne Átha Cliath a oibríonn Bus Átha Cliath, Bus Éireann, Iarnród Éireann, seirbhísí an LUAS, seirbhís farantóireachta Oileán Árann agus ar sheirbhísí príobháideacha áirithe atá rannpháirteach sa scéim.

Tig leat do Phas Saorthaistil a úsáid ar cheann ar bith de na 34 scéim faoin Tionscnamh um Iompar Tuaithe. Tá daoine atá i dteideal saorthaistil i dteideal a gcéile/páirtnéir taisteal leo saor in aisce nó thiocfadh leo a bheith i dteideal Pas Compánaigh ar fhorais leighis. Clúdaítear leis an Scéim Saorthaistil seirbhísí iompair phoiblí i dTuaisceart Éireann do dhaoine atá os cionn 66 bliana d'aois a bhfuil Pas Cliste do Sheanóirí acu.

**An Scéim Náisiúnta Breosla (Liúntas Breosla):** Is íocaíocht atá tástáilte ó thaobh acmhainne atá sa Scéim Náisiúnta Breosla chun cuidiú le daoine nach bhfuil in acmhainn a gcuid costas téimh féin a íoc. Thiocfadh leat a bheith incháilithe má fhaigheann tú íocaíochtaí áirithe ón Roinn Coimirce Sóisialaí nó óna choibhéis san Aontas Eorpach: https://services.mywelfare.ie/en/topics/community-welfare- services/fuel-allowance/

**Liúntas Tacaíochta Gutháin:** Is íocaíocht fhorlíontach atá sa Liúntas Tacaíochta Gutháin do dhaoine atá ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh áirithe agus a fhaigheann an Méadú i leith Maireachtáil Aonair agus an Liúntas Breosla araon chomh maith.

**Cúramóirí:**
Má tá tú ag tabhairt cúram lánaimseartha do dhuine atá tinn nó ar éagumas, seans go mbeifeá incháilithe faoi choinne íocaíocht cúramóra. Is iad an Liúntas do Chúramóirí (Tástáilte ó thaobh Acmhainne) agus an Sochar Cúramóra (bunaithe ar ÁSPC) na príomhíocaíochtaí ina thaobh sin. Má tá tú ag tabhairt cúram do bheirt nó níos mó ná beirt, méadaítear do Liúntas do Chúramóirí faoi 50% (ar a mhéad) gach seachtain. Má fhaigheann tú íocaíocht leasa shóisialaigh eile, seans go dtiocfadh leat Liúntas do Chúramóirí ar leathráta a fháil. Íoctar an deontas tacaíochta do chúramóirí go huathoibríoch do dhaoine a fhaigheann íocaíochtaí do Chúramóirí i mí an Mheithimh gach bliain.

**Íocaíocht ar Riachtanais Bhreise**
Is íocaíocht í Íocaíocht ar Riachtanais Bhreise atá ar fáil duit má tá costais agat nach dtig leat a íoc ó d'ioncam seachtainiúil. Seans go bhfaighfeá an íocaíocht sin fiú mura bhfaigheann tú íocaíocht leasa shóisialaigh. Seans go mbeidh sé ar fáil duit fosta má tá tú ag obair agus ar ioncam íseal. Bíonn Íocaíocht ar Riachtanais Bhreise faoi choinne:

- deisiúcháin riachtanacha ar mhaoin, mótarfheithiclí san áireamh agus fearais tí agus troscán a athsholáthar
- costas méadaithe ar bhreosla agus ar leictreachas
- cuidiú le héarlaisí ar chóiríocht phríobháideach ar cíos
- troscán, cóir leapa agus nithe eile má tá tú ag cur fút i dteach den chéad uair
- costais tórraimh
- costais taistil a bhíonn ann arís agus arís eile cosúil le coinní ospidéil nó ag dul ar cuairt chuig gaolta san otharlann nó sa phríosún
- bia, éadach nó dídean i ndiaidh tine, tuile nó teagmhas éigeandála eile
- riachtanais eisceachtúla bhreise eile de réir mar a thagann siad chun cinn. Íoctar Íocaíochtaí ar Riachtanais Bhreise faoin Scéim Liúntais Leasa Fhorlíontaigh agus is í an tSeirbhís Leasa Pobail de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí a dhéanann í a riar. Déantar iarratas ina leith ar fhoirm SWA1.

**Forlíonadh Cíosa**
Is íocaíocht a dhéantar a thástáil ó thaobh acmhainne í an forlíonadh cíosa do dhaoine áirithe a chónaíonn i gcóiríocht phríobháideach ar cíos agus nach bhfuil in ann íoc as costas a gcóiríochta as a n-acmhainní féin. Is tacaíocht ioncaim ghearrthéarmach í do dhaoine i dtithíocht ar cíos phríobháideach.
Is í an tSeirbhís Leasa Pobail a dhéanann an forlíonadh sin a riar.

**Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta**
Is cineál de thacaíocht tithíochta sóisialta do dhaoine a bhfuil riachtanas fadtéarmach tithíochta acu atá san Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta. Tá an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta ar fáil i ngach ceantar údaráis áitiúil agus ar deireadh thiar tiocfaidh sí in ionad Forlíonadh Cíosa fadtéarmach. Déanann na húdaráis áitiúla an scéim a riar, nó íocann siadsan na tiarna talún go díreach. Caithfidh an cíos atá á ghearradh ar an chóiríocht a bheith taobh istigh de theorainneacha an chineáil tí sa cheantar údaráis áitiúil sin. Íocann tionóntaí ranníocaíocht cíosa i leith Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta leis an údarás áitiúil, bunaithe ar a n-ioncam agus a gcumas chun íoc as. Faoin Scéim Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta tig leat tabhairt faoi fhostaíocht lánaimseartha agus do thacaíocht tithíochta a choinneáil. Déanann Comhairle Contae an Chabháin an íocaíocht sin a riar. www.hap.ie

**Oifig Leasa Pobail**
Tá Oifigigh Leasa Pobail ar fáil trí Ionaid Leasa Shóisialaigh. Má bhíonn tú faoi riachtanas airgid aonuaire gan choinne, tig leat dul chuig d'Oifigeach Leasa Pobail agus déanfaidh seisean nó sise measúnú agus cuirfidh comhairle ort má tá tú i dteideal cúnamh airgeadais.
Bíonn éagsúlacht san incháilitheacht agus sna teidlíochtaí ag brath ar na cúinsí agus ar chineál an riachtanais.

**An Liúntas Forlíontach Teasa** - Is íocaíocht sheachtainiúil bhreise í sin chun cuidiú leis an chostas a bhaineann le do theach a théamh. Seans go bhfaighidh tú liúntas forlíontach teasa, má bhaineann an méid seo a leanas leat:

• Tig leat a léiriú go bhfuil riachtanais bhreise teasa ort mar gheall ar d'aois, riocht sláinte nó éagumas.
• Tá tú i do chónaí leat féin nó le duine fásta cleithiúnach nó le leanaí cleithiúnacha amháin
• Sásaíonn tú tástáil acmhainne

* Thiocfadh le cuid de na liúntais a bheith faoi réir tástáil acmhainne. Tá fáil ar bhreis eolais ó do Sheirbhís Áitiúil Eolais do Shaoránaigh.

**Sciath-Thithíocht**

Cuireann sciath-thithíocht i nDún na nGall tacaíocht ar fáil do dhaoine aonair, go háirithe iad sin atá 60 bliain d'aois nó os a chionn, chun a gcuid neamhspleáchais a choinneáil. Leis na scéimeanna tithíochta sin cuirtear réimse seirbhísí agus saoráidí ar fáil, san áireamh iontu go minic bíonn limistéir chomhroinnte agus tacaíocht ó bhainisteoir scéime. Bíonn roghanna sciath-thithíochta á gcur ar fáil ag roinnt eagraíochtaí ar fud Dhún na nGall.

Le teacht ar eolas ginearálta faoi roghanna tithíochta do dhaoine níos sine, déan teagmháil le Comhairle Contae Dhún na Gall nó leis an Ionad Eolais do Shaoránaigh.

Sciath-Thithíocht ar an Charraig
An Charraig
Co. Dhún na nGall
F94KXY1
carrickshelteredhousing@gmail.com
Máirtín Ó hEigeartaigh (Martin Hegarty)

Warrenview Manor
Magh
Co. Dhún na nGall
Guthán: 0749384001
warrenviewmanor@live.ie
Teresa McAleer

Cumann Sciath-Thithíochta Ard an Rátha CTF
Teach Naomh Seanachán,
Ard an Rátha, Co. Dhún na nGall
F94 AX56
Guthán: +353 74 95 37006
Fón Póca: 085 855 9187
shanaghanhouse@gmail.com
Tadhg Mac Pháidín (Teague McFadden)

Sráidbhaile Naomh Colm Cille
Cliathach
Cluain Maine
Dún na nGall
F93N5DV anne@clonmanymentalhealth.ie
Guthán: 0749378710
Áine Uí Dhóchartaigh (Anne Doherty)

# SLÁINTE

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)
Cuireann FSS raon Seirbhísí Sláinte agus Sóisialta ar fáil do Dhaoine Breacaosta lena n-áirítear Cártaí Leighis, Cártaí E111, Scéim Íocaíochta Drugaí, Scéim Breoiteachta Fadtéarmaí, Liúntas Cruatain, Cosliacht, Fearais Optúla agus Fearais do Dhaoine Fásta , etc.
Más mian leat tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil le FSS ó 8 r.n. go 8 i.n. Luan go Satharn ar Ghlao sábhála 1800 700700 nó 01 2408787. Tig leat teagmháil a dhéanamh fosta le hOifig Sláinte Áitiúil Dhún na nGall atá suite in Otharlann Naomh Seosamh, Srath an Urláir ar 074 913 1038

**Altra Sláinte Poiblí**
Tá Altraí Sláinte Poiblí in Éirinn fostaithe ag FSS chun raon seirbhísí cúraim sláinte a sholáthar sa phobal. De ghnáth bíonn siad lonnaithe san Ionad Sláinte Áitiúil agus d'fhéadfadh sé gurb é sin an chéad teagmháil a bhíonn agat leis na seirbhísí sláinte. Cuireann an t-altra sláinte poiblí cúram altranais baile agus clinice ar fáil do dhaoine os cionn 65 bliana d'aois a bhfuil cárta leighis acu.
I measc na seirbhísí tá cúram iar-otharlainne, cóirithe, insealltaí, atreorú chuig cúram faoisimh agus lae agus measúnú le haghaidh Fóirdheontas Tithe Altranais, tacaíocht bhaile, áiseanna altranais agus fearais. Tabharfaidh d'Altra Sláinte Poiblí comhairle duit fosta i dtaca le Seirbhísí Cothaithe, Diaibéitis agus Comhairleoireachta.
Tá liosta d'Altraí Sláinte Poiblí i nDún na nGall agus a gcuid sonraí teagmhála le fáil ar leathanach 60-63 den treoir seo.

**Scéim na gCártaí Leighis**
Tugann Scéim na gCártaí Leighis teidlíocht do dhaoine áirithe seirbhísí sláinte poiblí a fháil saor in aisce. Le bheith incháilithe, caithfidh d'ioncam a bheith faoi bhun leibhéal áirithe. Mura gcáilíonn tú do chárta ar fhorais ioncaim seans go bhfaighfeá Cárta Cuairte Dochtúra Ghinearálta. Tá treoirlínte éagsúla ann don tástáil acmhainne ag brath ar cibé an bhfuil tú faoi bhun 70 bliain d'aois nó os a chionn.
I gcás lánúine, tá an measúnú bunaithe ar aois an duine is sine.
Tig leat cur isteach ar líne ag www.medicalcard.ie

**Le tuilleadh eolais a fháil cuir scairt ar 0818 224478 nó tabhair cuairt ar d'Ionad Eolais Áitiúil do Shaoránaigh**

**Cárta Cuairte Dochtúra Ghinearálta do dhaoine atá os cionn 70 bliain d'aois**

Tá gach duine atá 70 bliain d'aois nó níos sine agus a bhfuil gnáthchónaí orthu in Éirinn incháilithe do chúram dochtúra ghinearálta saor in aisce, beag beann ar ioncam. Ní gá do shealbhóirí Cárta Leighis ná do shealbhóirí Cárta Cuairte Dochtúra Ghinearálta clárú don scéim seo. Mura bhfuil ceann de na cártaí sin agat tig leat iarratas a dhéanamh ar líne ag www.hse.ie. Tig leat teagmháil a dhéanamh fosta le líne eolais FSS ar 1800700700 nó le d'Ionad Áitiúil Eolais do Shaoránaigh chun tuilleadh eolais a fháil.

**Scéim Sochair Cóireála**

Soláthraíonn an Roinn Coimirce Sóisialaí seirbhísí teoranta fiaclóireachta, optúla agus cluas faoin Scéim Sochair Cóireála. Tá an Scéim seo ar fáil d'oibrithe árachaithe agus do dhaoine atá ar scor a bhfuil an líon riachtanach ranníocaíochtaí ÁSPC acu. Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil leis an Rannóg Sochair Cóireála ar Ghlao Áitiúil: 1890 400 400 nó déan teagmháil le d'Ionad Áitiúil Eolais do Shaoránaigh.

**Scéim na Seirbhísí Cóireála Fiaclóireachta**

Soláthraítear leis seo (SSCF) rochtain ar chóireáil fiaclóireachta theoranta do shealbhóirí cárta leighis d'aosaigh (amháin) agus clúdaíonn sé sealbhóirí Cárta Cuairte Dochtúra Ghinearálta. Áirítear leis seo tástáil béil saor in aisce gach bliain féilire agus cóireáil fiaclóireachta éigeandála saor in aisce chun pian a mhaolú.

**Scéim Breoiteachta Fadtéarmaí**

Tá drugaí agus cógais chun raon áirithe riochtaí a chóireáil saor in aisce. Seiceáil le d'Altra Sláinte Poiblí nó iarr ar d'Ionad Áitiúil Eolais do Shaoránaigh liosta na mBreoiteachtaí Fadtéarmacha atá clúdaithe faoin Scéim seo a thabhairt duit.

**Pacáiste Cúraim Baile**
Tá an Scéim seo á hoibriú ag FSS. Is é is aidhm di cuidiú le daoine a mbíonn tacaíocht chúraim mheánach go hard de dhíth orthu leanúint orthu ag maireachtáil sa bhaile go neamhspleách. Tá sé in oiriúint do riachtanais aonair agus thiocfadh le seirbhísí altraí, cúntóirí baile, fisiteiripe agus teiripe shaothair a bheith i gceist leis. Chun tuilleadh sonraí a fháil déan teagmháil le d'Altra Sláinte Poiblí.

**Cúram Faoisimh**
Thiocfadh le Cúram Faoisimh a bheith i gceist le cúram malartach a sholáthar do dhuine faoi mhíchumas d'fhonn sos atá dea-thuillte a chur ar fáil don Chúramóir lánaimseartha. Chun tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil le d'Altra Sláinte Poiblí.

**Deontas Cúraim Faoisimh (Deontas Tacaíochta Cúramóra)**
I dtaca le daoine a fhaigheann Liúntas Cúramóra, Sochar Cúramóra, agus/nó an Liúntas do Ghaol Forordaithe faigheann siad an Deontas Cúraim Faoisimh go huathoibríoch ón Roinn Coimirce Sóisialaí. Íoctar é sin uair sa bhliain de ghnáth, an chéad Déardaoin i mí an Mheithimh. Chun tuilleadh eolais a fháil nó chun foirm iarratais a fháil tig leat teagmháil a dhéanamh le d'Oifig Áitiúil Leasa Shóisialaigh nó le d'Ionad Áitiúil Eolais do Shaoránaigh.

**Eolas faoi Thithe Altranais**
Oifig Tacaíochta Thithe Altranais FSS Dhún na nGall:
Otharlann Naomh Seosamh, Srath an Urláir Guthán: 074 919 1734, 074 919 1737 nó 074 919 1740

**Leis an Scéim Tacaíochta i dtaca le Teach Altranais ar a dtugtar 'Scéim Chothrom na Féinne'** cuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil do dhaoine a mbíonn cúram fadtéarmach i dteach altranais de dhíth orthu. Faoin scéim seo, déanfaidh tú ranníocaíocht i leith chostas do chúraim agus íocfaidh an Stát an t-iarmhéid. Baineann sé sin le cibé an bhfuil an teach altranais ina theach altranais poiblí, príobháideach nó deonach. Riarann FSS an Scéim Chothrom na Féinne leis na hacmhainní atá ar fáil. Ní thig le hiarratasóirí leas a bhaint as Maoiniú Stáit faoi choinne áit i dteach altranais sula bhfaigheann siad faomhadh ar a n-iarratas. Tig le d'Altra Sláinte Poiblí liosta na dtithe altranais agus foirmeacha iarratais a sholáthar duit. Chun tuilleadh eolais a fháil faoin Scéim seo nó  chun cuidiú a fháil le d'fhoirm iarratais tabhair cuairt ar d'Ionad Áitiúil Eolais do Shaoránaigh.

**Teiripe Shaothair**

Cuirtear na seirbhísí seo ar fáil do dhaoine a bhfuil tacaíocht nó athrú ar a stíl mhaireachtála de dhíth orthu de bharr breoiteachta nó míchumais. Tig le Teiripeoirí Saothair comhairle a thabhairt maidir le hathruithe a dtiocfadh leo a bheith de dhíth sa teach chun tacú le duine le riachtanais speisialta agus i dtaca le gníomhaíochtaí a chuideoidh le duine a neamhspleáchas a fháil ar ais. Déantar atreorú chuig an tSeirbhís Teiripe Saothair Pobail trí d'Altra Sláinte Poiblí áitiúil.

**Seirbhísi Cosliachta**

Cuireann FSS é seo ar fáil saor in aisce do shealbhóirí Cárta Leighis bunaithe ar riachtanais. Tig foirmeacha iarratais agus eolas faoi sheirbhísí atá ar fáil a fháil ag d'Ionad Sláinte áitiúil nó ag d'Ionad Áitiúil Eolais do Shaoránaigh.

**Ionaid Lae do Dhaoine Breacaosta**

Is áiteanna iad ionaid lae ina dtagann Daoine Breacaosta le chéile go háitiúil chun an t-uaigneas a mhaolú, chun comhrá a bheith acu agus gníomhaíochtaí a dhéanamh cosúil le cleachtaí, ealaíona agus ceardaíocht, péintéireacht, ríomhairí, cártaí súgartha, biongó, éisteacht le ceol agus rince uaireanta. Cuirtear fáilte mhór roimh Dhaoine Breacaosta agus tugtar cupán tae dóibh agus bácáil bhaile, agus lón 3 chúrsa. Tá liosta d'Ionaid Lae i nDún na nGall ar fáil ar leathanach 63-65 den treoir seo, áit a dtig leat sonraí a fháil faoi cé leis ar cheart duit teagmháil a dhéanamh d'fhonn freastal ar d'Ionad áitiúil.

**Otharlann Ollscoile Leitir Ceanainn**
Is otharlann ghéarmhíochaine ghinearálta agus mháithreachais í Otharlann Ollscoile Leitir Ceanainn, a sholáthraíonn seirbhís dhírithe atá othar-lárnach, dírithe ar cháilíocht agus raon leathan seirbhísí diagnóiseacha agus tacaíochta do Chontae Dhún na nGall agus is cuid lárnach í de FSS an Iarthair agus an Iarthuaiscirt.
Guthán: 074 912 5888



**Otharlanna Pobail**

Cuireann Otharlanna Pobail cur chuige Ildhisciplíneach ar fáil maidir le cúram na nÁitritheoirí trí chonairí cúraim éagsúla bunaithe ar fhealsúnacht an Chúraim DuineLárnach ina gcaitear le gach Áitritheoir mar dhuine aonair le dínit agus meas agus coinnítear rúndacht an t-am ar fad. Is le leapacha otharlann pobail a sholáthraítear cúram do dhaoine os cionn 65 bliana d'aois den chuid is mó, ach thiocfadh eisceachtaí a bheith ann ag brath ar imthosca an chlúdaigh leighis atreoraithe a sholáthraíonn Dochtúir Ginearálta, cuireann an tseirbhís NowDoc Ar Glao-Dhualgas clúdach ar fáil lasmuigh d'uaireanta oibre. Tá ionchur altranais 24 uair an chloig ag an Otharlann Phobail agus tacaíonn Gairmithe Sláinte Comhghaolmhara, Cúntóirí Cúraim Sláinte, freastalaithe Iltascanna agus seirbhísí lónadóireachta leo. Is iad na príomhsheirbhísí a chuirtear ar fáil ná cúram cónaithe agus cúram gearrthéarmach lena n-áirítear, Measúnú, Athshlánú/Téarnamh, Cúram Faoisimh agus Cúram Maolaitheach. Tá dhá Otharlann Phobail ann, Otharlann Charn Domhnach agus Otharlann Phobail Naomh Seosamh, Srath an Urláir, ina bhfuil bardaí a bhaineann go sonrach le Néaltrú agus a sholáthraíonn Cúram Cónaithe, Cúram Faoisimh, measúnú agus cúram fadtéarmach do dhaoine atá ag maireachtáil le Néaltrú.

| | |
|---|---|
| Aonad Altranais Pobail Bhun Cranncha | Tel: 074 936 1500 |
| Aonad Altranais Pobail Ráth Mealtain | Tel: 074 915 1049 |
| Otharlann Phobail Charn Domhnach | Tel: 074 937 4164 |
| Otharlann Phobail Bhaile Dhún na nGall | Tel: 074 972 1019 |
| Otharlann Phobail an Chlocháin Léith | Tel: 074 952 1044 |
| Otharlann Phobail an Fháil Charraigh | Tel: 074 989 8500 |
| Otharlann Phobail na gCealla Beaga | Tel: 074 973 2044 |
| Aonad Altranais Pobail Bhéal Átha Seanaidh | Tel: 071 985 1300 |
| Otharlann Phobail Naomh Seosamh, Srath an Urláir | Tel: 074 913 1038 |

**Seirbhís Dochtúra Ghinearálta (taobh amuigh de ghnáthuaireanta) – NowDOC**
Is seirbhís í seo chun rochtain a sholáthar duit féin agus do do theaghlach ar sheirbhísí práinneacha dochtúra ghinearálta lasmuigh de ghnáthuaireanta clinic. Is trí choinne amháin a dhéantar rochtain ar an tseirbhís, trí theagmháil a dhéanamh le 0818 400 911. Ní seirbhís siúil isteach é NowDOC.

**Seirbhísí Meabhairshláinte i gCo. Dhún na nGall**
Tá fadhbanna meabhairshláinte coitianta agus bíonn réimse leathan fadhbanna ina measc, tréimhse in ísle brí nó dúlagar níos tromchúisí, agus tá líon beag daoine ann a mbeidh fadhbanna an-tromchúiseacha acu. Má bhraitheann tú faoi ghruaim ar bhonn leanúnach, má bhíonn deacrachtaí codlata agat nó má bhíonn pianta agat gan aon mhíniú orthu, ba cheart duit dul chuig do dhochtúir ginearálta chun comhairle a fháil. Má tá tú buartha fút féin nó faoi dhuine a bhfuil aithne agat air nó uirthi tá sé tábhachtach cuidiú a fháil chomh luath agus is féidir.

**Tá roinnt roghanna ann:**

- Déan teagmháil le do dhochtúir ginearálta áitiúil. Má tá sé mall um thráthnóna nó san oíche, déan teagmháil le NowDOC.
- Gabh chuig an Aonad Timpistí agus Éigeandála san otharlann is cóngaraí duit, Otharlann Ollscoile Leitir Ceanainn nó Otharlann Ollscoile Shligigh. Déan teagmháil leis na seirbhísí éigeandála ar 999 nó 112.
- Cuir scairt ar na Samaritans, an tseirbhís éisteachta 24 uair an chloig, chun labhairt le duine faoina bhfuil ar d'intinn. Cuir scairt ar 116 123.
- Déan teagmháil le Riarthóir Meabhairshláinte FSS do Dhún na nGall ar 074 912 3788.
- Is eagraíocht dheonach é GROW a chuireann cairdeas agus tacaíocht ar fáil do dhaoine a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu agus do dhaoine atá i mbaol fadhbanna meabhairshláinte. Tig leat teagmháil a dhéanamh lena n-oifig i nDún na nGall ar 074 916 1628.
- Tá comhairle i dtaca le meabhairshláinte le fáil ar an suíomh gréasáin www.yourmentalhealth.ie.

**Comhordaitheoirí Oideasaithe Sóisialta**

Tacaíocht SAOR IN AISCE is ea Oideasú Sóisialta lena ndéantar iarracht an t-aonrú sóisialta a laghdú agus sláinte agus folláine daoine a fheabhsú, ag baint úsáid as tacaíochtaí áitiúla do dhaoine fásta os cionn 18. Buaileann an tOideasóir Sóisialta leis an duine aonair agus oibríonn sé/sí leo chun a riachtanais a shainaithint.
I measc na ngníomhaíochtaí tá grúpaí siúlóide pobail, gairdín pobail, Bothán na bhFear, damhsa, ealaín nó gníomhaíocht chruthaitheach eile, cócaireacht shláintiúil, scor ón tobac, do bhuiséad a bhainistiú agus cláir ar nós Bainistíocht ar Strus agus rochtain ar leabhair féinchabhracha i leabharlanna áitiúla. Tá cur amach ag an Oideasóir Sóisialta ar a bhfuil ar fáil sa cheantar áitiúil.
Tig le daoine aonair iad féin a atreorú trí theagmháil dhíreach a dhéanamh leis an Oideasóir Sóisialta NÓ is féidir le Dochtúir Ginearálta nó gairmí sláinte iad a atreorú.
Tig leat amharc ar liosta de na comhordaitheoirí sin agus a sonraí teagmhála ar lch. 71 den treoir seo.

## Ionaid Sláinte i gCo. Dhún na nGall

**Ceantar Bardasach Inis Eoghain / Ceantar Bardasach Leitir Ceanainn**

| | |
|---|---|
| Carn Domhnach | 074 937 4262 |
| Cluain Maine | 074 933 1597 |
| Fathain | 074 936 0277 |
| Mainéar Uí Chuinneagáin | 074 915 7230 |
| Bun an Phobail | 074 938 2049 |
| Magh | 074 938 4360 |
| An Baile Nua (Uí Chuinneagáin) | 074 915 6386 |
| Rinn Uí Choigligh | 074 938 3036 |
| Baile na nGallóglach | 074 915 3144 |
| Ráth Mealtáin | 074 915 1468 |
| Ráth Maoláin | 074 915 8416 |
| Leitir Ceanainn Ionad Leighis Ark | 074 912 8180 |
| Leitir Ceanainn Leighis Scally | 074 912 1955 |
| Leitir Ceanainn Páirc Bhaile Raithin | 074 912 9393 |
| Bun Cranncha | 074 9898600 |
| Ospidéal Naomh Conall, Leitir Ceanainn | 074 912 3750 |

| Ceantar Bardasach na nGleannta / | Ceantar Bardasach Dhún na nGall |
|---|---|
| Árainn Mhór | 074 952 0535 |
| An Bun Beag | 074 953 2445 |
| Na Doirí Beaga | 074 953 2334 |
| An Dúcharaidh | 074 954 6175 |
| Dún Fionnachaidh | 074 913 6527 |
| An Clochán Liath | 074 952 1933 / 074 952 1099 |
| An Fhál Carrach | 074 913 5491 |
| Na Gleannta | 074 955 1329 |
| Béal Átha Seanaidh | 074 983 4600 |
| Bun Dobhráin | 071 984 1445 |
| An Charraig | 074 973 9380 |
| Dún Cionnaola | 074 973 7106 |
| Cill Charthaigh | 074 973 9346 |
| Na Cealla Beaga | 074 973 1148 |
| Mín Tiarnaigh | 074 973 5100 |
| Paiteagó | 074 983 1521 |

**Ceantar Bardasach Shrath an Urláir**

| | |
|---|---|
| Caisleán na Finne | 074 989 8127 / 074 989 8128 |
| Conmhaigh | 074 914 7277 |
| Leifear | 074 914 1024 |
| Ráth Bhoth | 074 914 5835 |
| Baile Suingean | 074 914 8479 |
| Srath an Urláir | 074 913 1344 / 074 913 1023 |

**Ospís Dhún na nGall**
**Aonad d'Othair Chónaitheacha: 074 9177256**
**Fiosruithe ó Othair: 074 9177258**
**Seoladh:**
**Ospís Dhún na nGall,**
**Cnoc na Móna,**
**Leitir Ceanainn,**
**Co. Dhún na nGall,**
**F92 VX81.**



**Bia Sláintiúil a dhéanamh go furasta:** Is clár cócaireachta pobail 6 seachtaine SAOR IN AISCE é 'Bia Sláintiúil a dhéanamh go furasta' a chuireann cúrsa bunúsach cothaithe agus cócaireachta ar fáil chun cuidiú le daoine aiste bia sláintiúil a bheith acu, béilí a phleanáil ar bhuiséad agus béilí furasta a chócaráil. Tá sé á sheachadadh ag éascaitheoir oilte FSS, tá sé praiticiúil agus spraíúil.
Tuilleadh eolais:
Ceantar Gaeltachta: déan teagmháil le Donna Mc Gettigan i gComhlacht Forbartha Áitiúil Dhún na nGall 0749127056
Leithinis Inis Eoghain: déan teagmháil le Niamh Britton i gComhpháirtíocht Inis Eoghain 074 9362218

**Tig Linn Éirí As:** Is clár grúpabhunaithe 8 seachtaine SAOR IN AISCE cairdiúil agus tacúil é Tig Linn Éirí As a chuireann éascaitheoirí pobail oilte de chuid na Seirbhíse Stad den Chaitheamh Tobac ag FSS ar fáil le Teiripe Athsholáthair Nicitín SAOR IN AISCE chun cuidiú le daoine éirí as caitheamh tobac agus a bheith éirithe as go brách.
Tuilleadh eolais:
Ceantar Gaeltachta: déan teagmháil le Máire Coyle in Ionad Naomh Pádraig 074532949 Leithinis Inis Eoghain: déan teagmháil le Patricia Lee i gComhpháirtíocht Inis Eoghain 074 9362218

**An tSeirbhís Stad den Chaitheamh Tobac:** Cuireann Comhairleoirí de chuid na Seirbhíse Stad den Chaitheamh Tobac ag FSS tacaíocht ar fáil d'úsáideoirí na seirbhíse, chun éirí as an chaitheamh tobac. Trí úsáid a bhaint as an tSeirbhís Stad den Chaitheamh Tobac ag FSS in éineacht leis an Teiripe Athsholáthair Nicitín SAOR IN AISCE, tá ceithre oiread seans ag duine éirí as an tobac a chaitheamh agus a bheith éirithe as go brách. Leis an tseirbhís cuirtear tacaíocht agus comhairle rúnda, duine le duine ar fáil. Tig é sin a bheith duine le duine; ar líne nó ar an ghuthán. Déan teagmháil le Fiona Boyle (Ceannaire ar chúrsaí a bhaineann leis an Tobac) chun tuilleadh eolais a fháil ar 087 2514790.

SLÁINTE

Cuirtear oiliúint ar Ghairmithe Sláinte sa chlár 'Bíodh gach Teagmháil san áireamh'. Tig le do ghairmí sláinte cuidiú leat roghanna níos sláintiúla a dhéanamh chun galar ainsealach a chosc agus sláinte níos fearr a bheith mar thoradh air.
D'Othair, ciallaíonn 'Bíodh gach Teagmháil san áireamh':
- Deiseanna a bheith ann chun labhairt le baill foirne cúraim sláinte faoi do stíl mhaireachtála agus cén dóigh le roghanna níos sláintiúla a dhéanamh.
- Galar Ainsealach a Chosc trí amharc ar fhachtóirí riosca cosúil le caitheamh tobac, ag ithe go míshláintiúil, easpa gníomhaíochta coirp agus iontógáil alcóil.
- Comhráite faoi na rudaí atá de dhíth ort chun níos mó smachta a bheith agat ar do shláinte.

Tig leis a bheith dúshlánach maireachtáil le riocht sláinte fadtéarmach. Is clár féinbhainistíochta 6 seachtaine saor in aisce é an clár 'Ag Maireachtáil go Maith' do dhaoine fásta a bhfuil riochtaí sláinte ainsealacha nó fadtéarmacha orthu. Tugann sé na scileanna agus an mhuinín duit maireachtáil go maith leis an riocht atá ort. Tig leis an chlár a bheith ar siúl ar an láthair, duine le duine, nó ar líne agus tá cur chuige réchúiseach agus cairdiúil ag baint leis, lena ligtear do rannpháirtithe foghlaim óna chéile. Chun eolas a fháil ar chláir atá le teacht déan teagmháil le: Fiona Doherty Guthán: 087 180 0286
Ríomhphost: livingwell.nw@hse.ie

## Tacaíocht agus Cothabháil Tithíochta

**Roinn Tacaíochta Chomhairle Contae Dhún na nGall**

Cuireann Roinn Tithíochta Chomhairle Contae Dhún na nGall seirbhísí tacaíochta rúnda ar fáil do dhaoine breacaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas a bhfuil tithíocht de dhíth orthu nó a bhfuil orthu inrochtaineacht a dtithe a fheabhsú. Chun tuilleadh eolais a fháil tig leat teagmháil a dhéanamh le Comhairle Contae Dhún na nGall.
Guthán: 074 915 3900 nó gabh chuig a suíomh gréasáin www.donegalcoco.ie

**Scéim Deontais um Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Breacaosta**

Tá an Scéim um Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Breacaosta ar fáil chun cuidiú le daoine breacaosta atá ina gcónaí i ndrochbhail tithíochta deisiúcháin nó feabhsuithe riachtanacha a dhéanamh. I measc na gcineálacha oibreacha a fhaigheann cuidiú faoin Scéim tá athsholáthar dín, athshreangú agus soláthar téimh lárnaigh (sa chás nach bhfuil téamh lárnach ar bith ann).
Ba chóir d'iarratasóirí a bheith 66 bliana d'aois (nó os a chionn), a bheith ina gcónaí leo féin nó le céile nó le duine eile 66 bliana d'aois (nó os a chionn). Déanfar leibhéal an chúnaimh deontais atá ar fáil a chinneadh ar bhonn ollioncam teaghlaigh agus ar bhonn chostais fheabhsaithe na n-oibreacha arna measúnú ag Comhairle Contae Dhún na nGall. Is é €10,700 an t-uasdeontas atá ar fáil.
Déan teagmháil le: 074 915 3900 chun tuilleadh eolais a fháil.

**Scéim na nDeontas Tithíochta um Chúnamh Soghluaisteachta**

Tá Scéim na nDeontas Tithíochta um Chúnamh Soghluaisteachta ar fáil chun sraith bhunúsach oibreacha a chlúdach ar mhaithe le haghaidh a thabhairt ar fhadhbanna soghluaisteachta a bhaineann go príomha, ach ní go heisiach, le haosú. I measc na n-oibreacha a fhaigheann cuidiú faoin Scéim tá: Greimraillí, Rampaí rochtana, Cithfholcadán boinn leibhéalta, cathaoireacha staighre agus mionoibreacha eile a mheastar a bheith riachtanach chun riachtanais soghluaisteachta ball teaghlaigh a éascú. Is é €8,000 an t-uasdeontas éifeachtach atá ann. Tig leis an deontas sin suas le 100% de chostas na n-oibreacha ceadaithe a chlúdach, ag brath ar ioncam teaghlaigh agus incháilitheacht na n-iarratasóirí.

**An Deontas um Oiriúnú Tithe**
Tá an Deontas um Oiriúnú Tithe ar fáil do Dhaoine faoi Mhíchumas chun cuidiú le hoibreacha a dhéanamh atá riachtanach le réasún chun teach a dhéanamh níos oiriúnaí do chóiríocht duine faoi mhíchumas atá ina bhall den teaghlach.

**Scéim um Fhuinneamh Níos Fearr, Tithe Níos Teo**
Is é is aidhm don scéim seo éifeachtúlacht fuinnimh agus teas tithe atá faoi úinéireacht daoine ar ioncam íseal a fheabhsú. Tá sé á hoibriú ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann www.seai.ie. Is é atá i gceist leis an tseirbhís bearta caighdeánacha éifeachtúlachta fuinnimh a shuiteáil atá oiriúnach don teaghlach incháilithe faoi réir shuirbhé Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, leithdháileadh buiséid agus acmhainneacht atá ar fáil. Cuirtear an tseirbhís ar fáil gan aon chostas don teaghlach agus is iad a leanas na bearta atá ar fáil faoin scéim:
• Insliú áiléir, teach a dhéanamh díonmhar ar shéideáin, seaicéid fhálaithe, bolgáin solais atá tíosach ar fhuinneamh, insliú cuasbhallaí agus comhairle i dtaca le cúrsaí fuinnimh.
• Chun tuilleadh eolais a fháil, glaoigh ar dheasc chabhrach Thithe Níos Teo le Fuinneamh Níos Fearr ar: Glao Áitiúil 1800 250 204.

**Scéim um Thithe le Fuinneamh Níos Fearr**
• Cuireann an Scéim um Thithe le Fuinneamh Níos Fearr deontais ar fáil d'úinéirí tí chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú ina dtithe. Tá an scéim seo difriúil leis an scéim a liostaíodh roimhe seo mar go gcuireann sí deontais ar fáil chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú seachas a shuiteáil. Tá deontais ar fáil don obair choigilte fuinnimh seo a leanas:
• Insliú dín
• Insliú balla - mar shampla, cuasbhalla, tirimlíneáil inmheánach nó insliú seachtrach
• Uasghrádú ar rialuithe téimh
• Coire ardéifeachtúlachta (níos mó ná éifeachtúlacht 90%) a shuiteáil lena n-áirítear uasghrádú ar rialuithe téimh
• Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (RFF) i ndiaidh an obair coigilte fuinnimh a dhéanamh, caithfidh tú an RFF sin a fháil chun cáiliú don deontas
• Griantéamh

.Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil leis an Scéim um Thithe le Fuinneamh Níos Fearr ar
Ghlao Áitiúil 1850 927 000

• Chomh maith leis sin tig leat amharc ar shuíomh gréasáin Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann www.seai.ie chun tuilleadh eolais a fháil faoi na scéimeanna seo.

Aoisbhá Éireann
Tithe Aoisbháúla Sláintiúla

**An Clár um Thithe Aoisbháúla Sláintiúla**

Is é is aidhm don Chlár um Thithe Aoisbháúla Sláintiúla tacú le daoine breacaosta (65 bliana d'aois agus níos sine) maireachtáil ina dteach féin le dínit agus neamhspleáchas, chomh fada agus is féidir. Is é uaillmhian an chláir a chur ar chumas gach duine saol níos sláintiúla agus níos faide a chaitheamh trí chúram a choinneáil gar don bhaile agus raon na seirbhísí sláinte agus an chúraim shóisialta sa phobal a leathnú. Baineann sé le raon roghanna eile a sholáthar do dhaoine breacaosta a d'aistreodh gach seans murach sin isteach i gcúram cónaithe fadtéarmach roimh am.

Tá beirt Chomhordaitheoirí ar Thithe Aoisbháúla Sláintiúla ceaptha i nDún na nGall. Bainisteoidh gach comhordaitheoir pacáiste tacaíochta do gach duine a atreorófar, ag nascadh na dtacaíochtaí ó éagsúlacht na ngníomhaireachtaí poiblí, deonacha, príobháideacha agus pobail sa cheantar. Déanfaidh an comhordaitheoir measúnú sa bhaile agus, i gcomhpháirtíocht leis an duine breacaosta, aithneoidh agus dearfaidh an comhordaitheoir réimse tacaíochtaí chun cur ar chumas an duine bhreacaosta leanúint ar aghaidh ag maireachtáil go neamhspleách.

Déan teagmháil leis an Oifig Náisiúnta um Thithe Aoisbháúla Sláintiúla
Guthán: 046 924 8899
Ríomhphost: healthyagefriendlyhomes@meathcoco.ie
Suíomh Gréasáin: www.agefriendlyireland.ie

# SÁBHÁILTEACHT agus SLÁNDÁIL

**Éigeandálaí**

Ag pointe éigin i do shaol, b'fhéidir go mbeidh ort scairt a chur ar na seirbhísí éigeandála ar nós fir dhóiteáin, póilíní, nó pearsanra leighis. Má bhíonn tú réidh chun scairt a chur ar na seirbhísí éigeandála, tig leat an cúnamh atá de dhíth ort a fháil i bhfad níos gasta, rud a dtiocfadh leis difear mór a dhéanamh go minic. In Éirinn tá dhá uimhir éigeandála againn, 999 agus 112.

Oibríonn 112 fosta i ngach tír san Aontas Eorpach agus ó aon ghuthán, saor in aisce

**Cuimhnigh agus tú ag cur scairt ar 112 (nó 999), 'fan socair, coinnigh d'aird ar an ghnó agus fan ar an líne'.**

**Scéim um Aláram Pearsanta Éigeandála do Sheanóirí**

Is é Pobal a reáchtálann an Scéim um Aláram Pearsanta Éigeandála do Sheanóirí agus cuireann sé tacaíocht deontais ar fáil le trealamh a sholáthar (e.g. Aláraim Phearsanta ar shiogairlín muiníl*) chun cur ar chumas daoine breacaosta gan dóthain acmhainne leanúint orthu ag maireachtáil go slán ina dtithe féin. Cuirtear an cúnamh deontais ar fáil trí ghrúpaí pobail agus deonacha atá cláraithe le Pobal. Le bheith incháilithe caithfidh tú a bheith:

- 65 bliana d'aois nó os a chionn agus acmhainní teoranta a bheith agat
- I do chónaí leat féin nó le duine éigin a chomhlíonann na critéir incháilitheachta fosta
- Ag cur fút sa cheantar atá clúdaithe ag an ghrúpa pobail a riarann an tacaíocht deontais
- In ann tairbhe a bhaint as an trealamh atá á sholáthar
- Toilteanach teagmháil a choinneáil leis an ghrúpa pobail

Faoi choinne tuilleadh eolais déan teagmháil le Pobal ar 01 511 7000 nó gabh chuig a suíomh gréasáin www.pobal.ie

*Is siogairlín é Aláram Pearsanta ar Shiogairlín a chaitear i dtólamh agus lena ndéantar, nuair a ghníomhachtaítear é i gcásanna éigeandála, teagmháil láithreach leis na daoine atá ceaptha ag úsáideoir an aláraim phearsanta ar shiogairlín chun scairt a chur ar na seirbhísí éigeandála.

Cuirtear oiliúint ar **Oifigigh Choiscthe Coireachta** chun cosc ar choireacht a spreagadh, a chur chun cinn agus comhairle a thabhairt ina leith don phobal príobháideach agus don phobal gnó araon. Tá oifigigh thiomnaithe um choireacht a chosc laistigh de gach Rannán Gardaí. Is é an Sáirsint Fergus Mc Groary an t-oifigeach coiscthe coireachta i gCo. Dhún na nGall. Is é an 074 916 7161 an uimhir theagmhála atá aige. (Ríomhphost: DG.CrimePrevention@garda.ie)

**Stáisiúin na nGardaí i nDún na nGall**
Tá 2 Cheantar Feidhme Rannpháirtíochta Pobail i Rannán Gardaí Dhún na nGall a chuimsíonn contae Dhún na nGall ina iomláine, Dún na nGall Thuaidh agus Dún na nGall Theas.

Tá Ceanncheathrú Lárúdarás Forfheidhmithe agus Airgeadais Dhún na nGall Thuaidh suite ag Stáisiún Gardaí Leitir Ceanainn (074 91 67100) agus clúdaíonn sé sin na focheantair seo a leanas;

Leitir Ceanainn, Cill Mhic Réanáin, Baile na nGallóglach, Carraig Airt, Ráth Maoláin, An Cheathrú Chaol, Ráth Mealtain, Ráth Bhoth, Leifear, An Carraigín, An Baile Nua, Bun na hAbhann, Bun Cranncha, Cluain Maine, Carn Domhnach, Bun an Phobail, agus Magh.

Tá Ceanncheathrú Lárúdarás Forfheidhmithe agus Airgeadais Dhún na nGall suite ag Stáisiún Gardaí Bhéal Átha Seanaidh (071 98 58530) agus clúdaíonn sé sin na focheantair seo a leanas
Béal Átha Seanaidh, Bun Dobhráin, Paiteagó, Baile an tSratha, Baile Dhún na nGall, Tamhnach an tSalainn, Na Cealla Beaga, An Charraig, Ard an Rátha, Na Gleannta, An Clochán Liath, Ailt An Chorráin, An Bun Beag, An Fál Carrach, Dún Fionnachaidh, An Craoslach, Bealach Féich, Conmhaigh, agus Caisleán na Finne.

## STAY CONNECTED!

**A MOBILE PHONE** makes it easy to contact family members in case of an emergency within or outside the home.

## EMERGENCY SERVICE

Call **999** or **112**

Gardaí
Fire Brigade
Ambulance

*' stay calm, stay focused and stay on the line '*






**Pobal ar Aire**
Is clár sábháilteachta pobail é Pobal ar Aire do cheantair thuaithe agus an bhéim ar dhaoine breacaosta agus ar dhaoine leochaileacha. Feidhmíonn sé mar chomhpháirtíocht idir an pobal, An Garda Síochána agus Muintir na Tíre. Oibríonn sé ar phrionsabal na freagrachta comhroinnte i dtaca le coireacht a chosc agus a laghdú

**Is iad seo a leanas Aidhmeanna an Chláir, Pobal ar Aire:**
- An próiseas forbartha pobail a chothú
- Deiseanna a laghdú ina dtarlóidh coireanna
- Pobail a aontú de mheon comharsanachta agus seirbhíse pobail
- Cláir a cheapadh chun caighdeán na beatha a fheabhsú do gach aon duine i bpobail tuaithe

**Cén dóigh Grúpa 'Pobal ar Aire' a chur ar bun:**
Chun grúpa a bhunú i do cheantar féin, déan teagmháil le do Stáisiún Gardaí áitiúil nó le d'Oifigeach Forbartha Pobal ar Aire áitiúil de chuid Mhuintir na Tíre (Guthán: 062-51163). Tig an grúpa a chur ar bun mar fhreagra ar éileamh an phobail nó mar thoradh ar theagmháil leis an Gharda Síochána.
Tá sé tábhachtach cónaitheoirí áitiúla a chanbhasáil d'fhonn a dtacaíocht agus a rannpháirtíocht a chinntiú roimh ghrúpa a chur ar bun sa cheantar.
Chun tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil le Caitríona Guthán: 086 8160078 nó amharc ar liosta na n-oifigeach forbartha ar www.muintir.ie

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ SÓISIALTA AGUS FÓILLÍOCHTA

**Saol Gníomhach le linn Scoir in Éirinn**

Bunaíodh Cumann Gníomhaíochta Lucht Scoir chun cur ar chumas daoine atá ar scor agus aon duine os cionn 55 sult a bhaint as saol iomlán gníomhach agus chun abhcóideacht a dhéanamh ar a son. Is é an misean atá acu ná go bhfanfaidh daoine sláintiúil agus gníomhach trí dhul i dteagmháil lena gcomhghleacaithe laistigh dá bpobal féin.

Ar an leibhéal áitiúil socraíonn Cumainn Ghníomhaíochta Lucht Scoir imeachtaí sóisialta, roghanna oideachais agus gníomhaíochtaí a spreagann agus a thacaíonn le daoine atá ar scor fanacht sláintiúil agus gníomhach.
Tá baint ag go leor ball de Chumann Gníomhaíochta Lucht Scoir le heagraíochtaí áitiúla eile fosta, ag soláthar oibrithe deonacha a bhfuil géarghá leo i ngníomhaíochtaí éagsúla. Más mian leat clárú do cheann de na grúpaí sin nó más mian leat tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil le 01 873 3836 nó amharc ar an suíomh idirlín www.activeirl.ie
Liosta na ngrúpaí

| | | |
|---|---|---|
| 1. Cumann Gníomhaíochta Lucht Scoir Bhéal Átha Seanaidh | Dorothy Mawn | dorothymawn@yahoo.ie |
| 2. Cumann Gníomhaíochta Lucht Scoir Bhun Dobhráin | Terri Doherty | |
| 3. Fámairí Ros Neamhlach | Laura Robinson | rossnowlaghramblers@gmail.com |
| 4. Bábóga Dhún na nGall | Pam O Malley | donegaldollssistersheds@gmail.com |
| 5. Cumann Gníomhaíochta Lucht Scoir Bhaile an tSratha | Angela Ferriter | angelaferriter@gmail.com |
| 6. Cumann Gníomhaíochta Lucht Scoir Chill Leacht Aodha | Robin Tweed | robin.tweed.killaghteeara@gmail.com |
| 7. Grúpa Ban Erne Dale | Ann Barry | Ainebarry60@gmail.com |
| 8. Cumann na Céadaoine | John Butler | johnandsallybuttler@gmail.com |
| 9. LAFFS (Leifear agus an Feabhal, an Fhinn, an Srath Bán) | Kevin Monaghan | kevin.monaghan46@icloud.com |
| 10. Bantracht na Tuaithe, Gleann na Finne | Margaret Lafferty | finnvalleyica@gmail.com |
| 11. Cumann Gníomhaíochta Lucht Scoir Leitir Ceanainn | Dorothy Toye | mccullaghd@gmail.com |

**Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall**
Bunaíodh Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall in 2001 chun comhordú agus tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt spóirt agus gníomhaíochta coirp i gContae Dhún na nGall. Tá déchuspóirí ag an eagraíocht maidir le cláir ghníomhaíochta coirp a fhorbairt chun rannpháirtíocht i spórt a mhéadú agus cláir oideachais agus oiliúna a sheachadadh chun acmhainn i dtaca leis an spórt a mhéadú taobh istigh de na pobail i nDún na nGall. Faoin cholún rannpháirtíocht ghníomhach phlean straitéiseach nua Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall 2025-2029, (Dún na nGall Gníomhach a spreagadh) aithníodh roinnt clár chun deiseanna spóirt agus gníomhaíochta coirp a chur ar fáil do dhaoine fásta atá níos sine lena n-áirítear Move2the Beat, Tionscnaimh Siúlóide na gCuaillí Gníomhachtaithe, Sraitheanna Nuachurlála na hAoise Nua, Cluichí Beir Beo ar an Saol agus Boccia agus Babhláil.
Is é is aidhm don chlár seo daoine breacaosta a chumhachtú agus a chumasú chun páirt a ghlacadh i spórt agus i ngníomhaíocht choirp trí theagmháil a dhéanamh le cumainn ghníomhaíochta lucht scoir, aoisghrúpaí gníomhacha, grúpaí do shaoránaigh shinsearacha, botháin na bhfear, agus ionaid chúraim lae agus phobail ar fud an chontae, lena chinntiú go bhfuil líon na ndaoine breacaosta ag éirí níos gníomhaí, lena bhfolláine fhisiciúil agus mheabhrach a fheabhsú, agus naisc shóisialta níos láidre a chothú laistigh dá bpobail.
Guthán: 074 911 6078 nó 074 911 6079 chun tuilleadh eolais a fháil nó amharc ar a suíomh gréasáin www.activedonegal.com
**Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall (BOO)**
Cuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall réimse clár d'aosaigh agus clár breisoideachais agus oiliúna ar fáil. Tig le Seirbhís Treorach agus Eolais d'Aosaigh BOO Dhún na nGall eolas a chur ar fáil faoi na roghanna oideachais agus oiliúna atá ar fáil duit, laistigh den BOO agus trí sholáthraithe oideachais agus oiliúna eile. Cuireann clár an Bhoird Oideachais agus Oiliúna Foghlaim don Saol/Oideachas Bunúsach teagasc saor in aisce ar fáil d'aosaigh ar mhaith leo feabhas a chur ar a gcuid scileanna sa léitheoireacht, sa scríbhneoireacht, sa litriú agus in uimhreacha agus tá cúrsaí tosaigh i dtaca le ríomhairí a úsáid ar fáil fosta.

Tacaíonn Clár Oideachais Pobail BOO Dhún na nGall le cúrsaí oideachais d'aosaigh a chur ar fáil sa phobal trí mhaoiniú a chur ar fáil do chostais teagaisc agus tacaíocht chun cúrsaí a chur ar bun. Díríonn an clár ar dhaoine fásta atá faoi mhíbhuntáiste oideachais nach mbaineann leas as cúrsaí oideachais de ghnáth agus a bhféadfadh sé nach bhfuil an acmhainn airgeadais acu chun tabhairt faoi na cúrsaí sin.
Chun tuilleadh eolais a fháil ar aon cheann de na cláir sin: Guthán: 074 916 1600 nó amharc ar a suíomh gréasáin: www.donegaletb.ie

**Ionad d'Obair Saorálaí Chontae Dhún na nGall**
Is é misean Ionad d'Obair Saorálaí Chontae Dhún na nGall comhdheiseanna a thairiscint do gach cuid den phobal chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht dheonach fhiúntach. Tig le duine ar bith a bhfuil suim acu iarratas a dhéanamh agus cuideoidh an t-ionad d'obair saorálaí le socrúchán a aimsiú duit a thagann le do chuid suimeanna agus taithí. Cuireann an tIonad d'Obair Saorálaí seirbhís saor in aisce ar fáil fosta d'eagraíochtaí a bhfuil oibrithe deonacha de dhíth orthu mar go dtig leo folúntas d'obair saorálaí a fhógairt trína líonraí. Guthán: 074 912 6740 faoi choinne tuilleadh eolais nó amharc ar a suíomh gréasáin: www.volunteerdonegal.ie

**Conair Ghairdín Dhún na nGall**
Tá 24 ghairdín phoiblí agus faoi úinéireacht phríobháideach ag Conair Ghairdín Dhún na nGall atá oscailte ag amanna éagsúla i rith an tsamhraidh do dhaoine le cuairt a thabhairt orthu. Amharc ar a suíomh gréasáin www.donegalgardentrail.com chun tuilleadh eolais a fháil nó déan teagmháil le Joan Donleavy ar 087 989 5099 nó Dorothy Jervis ar (087) 913 1393

**Cairde Éanlaith Éireann**
Chun eolas a fháil ar imeachtaí agus ar chruinnithe i gCo. Dhún na nGall gabh i dteagmháil le Liz Sheppard, rúnaí Chraobh Éanlaith Éireann Dhún na nGall.
Guthán: 074 914 7129 nó amharc ar a suíomh gréasáin www.birdwatchireland.ie

**Cumann Staire Dhún na nGall**

Chun eolas a fháil ar imeachtaí agus cruinnithe atá le teacht agus chun foghlaim faoi obair an Chumainn, déan teagmháil le Una McGarrigle, rúnaí Chumann Staire Dhún na nGall.
Guthán: 071 985 1726 or
Rphost: unamcgarrigle@hotmail.com
Tig leat amharc ar a suíomh gréasáin fosta:
www.donegalhistory.com

**Leabharlanna**

Seo thíos liosta na leabharlann i gContae Dhún na nGall. Beidh eolas ag do leabharlann áitiúil fosta i dtaca le clubanna leabhar agus imeachtaí eile i do cheantar.

| |
|---|
| An Lárleabharlann, Leitir Ceanainn, Bóthar Oilibhéir Pluincéid F92 R273 Guthán: 074 912 4950 central@donegallibrary.ie |
| Leabharlann Phobail Leifear – Seanteach na Cúirte, an Chearnóg, Leifear F93CD6F Guthán: 074 917 2726 lifford@donegallibrary.ie |
| Leabharlann Phobail Bhaile na nGallóglach – Lárionad Seirbhísí Poiblí, Baile na nGallóglach F92PY9F Guthán: 074 915 3927 milford@donegallibrary.ie |
| Leabharlann Bhrainse Bhun an Phobail – An Chearnóg, Bun an Phobail F93 N57X Guthán: 074 938 5110 moville@donegallibrary .ie |
| Leabharlann Bhrainse Ráth Bhoth – An Chearnóg, Ráth Bhoth F93VR88 Guthán: 074 914 4115 raphoe@donegallibrary.ie |
| Ceanncheathrú Riarachán na Leabharlann – Lána Chnocán na Rós, Leitir Ceanainn. F92 KP90 Guthán: 074 9153900 admin@donegallibrary.ie |

| |
|---|
| Leabharlann Phobail Nascbhailte – Radharc an Chloigthí, Sráid Neamhnaí, Bealach Féich F93 VAK6 Guthán: 074 917 5384 twintowns@ donegalibrary .ie |
| Leabharlann Bhrainse Bhéal Átha Seanaidh – Bloc Oifigí Radharc na Mainistreach, An Phríomhshráid, Béal Átha Seanaidh F94N156 Guthán: 071 985 8824 ballyshannon@donegallibrary .ie |
| Leabharlann Phobail Bhun Cranncha – Bóthar Naomh Muire, Bun Cranncha F93 XK68 Guthán: 074 936 1941 buncrana@donegallibrary.ie |
| Leabharlann Phobail Bhun Dobhráin – Oifigí cathartha, Bóthar an Stáisiúin, Bun Dobhráin F94CKX7 Guthán: 071 982 9665 bundoran@donegallibrary.ie |
| Leabharlann Phobail Charn Domhnach – Ionad Seirbhísí Poiblí, Carn Domhnach F93NR70 Guthán: 074 937 3701 carndonagh@donegallibrary.ie |
| Leabharlann Bhrainse Dhún na nGall – Oifigí BOO, Bóthar Thamhnach an tSalainn, Baile Dhún na nGall F94KW25 Guthán: 074 972 5329 donegaltown@donegallibrary.ie |
| Leabharlann Phobail na Rosann – Ionad Teampaill Chróine, An Clochán Liath F94KH74 Guthán: 074 952 2500 narosa@donegallibrary.ie |
| Leabharlann Phobail Ghaoth Dobhair – Áislann Ghaoth Dobhair, Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair, F92PT38 Guthán: 074 956 0862 gaothdobhair@donegallibrary .ie |



***Chun tuilleadh eolais a fháil ar Leabharlanna i nDún na nGall lena n-áirítear imeachtaí agus catalóga amharc ar a suíomh gréasáin: www.donegallibrary.ie**

**Botháin na bhFear**

Is áit chruinnithe thiomnaithe, chairdiúil agus fháilteach é Bothán na bhFear ina dtagann fir le chéile agus ina dtugann siad faoi ghníomhaíochtaí éagsúla a comhaontaíodh go frithpháirteach. Tá Botháin na bhFear oscailte do gach fear, beag beann ar aois, ar chúlra nó ar chumas agus is áit iad chun scileanna agus eolas a roinnt agus folláine na rannpháirtithe a chothabháil nó a fheabhsú ag an am céanna.

Guthán: 01 891 6150 (náisiúnta) faoi choinne tuilleadh eolais.


Seo thíos Botháin na bhFear i gContae Dhún na nGall mar atá liostaithe ar shuíomh gréasáin náisiúnta Bhotháin na bhFear www.menssheds.ie.

| | | |
|---|---|---|
| An Ardaidh | Robert Wasson | davieswasson@hotmail.com |
| An Ardaidh | Davy Logue | davidjohnlogue@gmail.com |
| Ard an Rátha | Michael Molloy | ardaramensshed@gmail.com |
| Ard an Rátha | Colum Sweeney | ardaramensshed@gmail.com |
| Bealach Féich, Strath an Urláir | Gerry Connolly | gyconnolly@yahoo.com |
| Bealach Féich, Strath an Urláir | John Lyons | |
| Béal Átha Seanaidh | Paddy Donagher | ballyshannonmensshed@gmail.com |
| Béal Átha Seanaidh | Mike Lynch | ballyshannonmensshed@gmail.com |
| Na Croisbhealaí | Eugene Carlin | cakeclg@gmail.com |
| Na Croisbhealaí agus Cúil na gCuirridín | Cronan Scanlon | cakeclg@gmail.com |

| | | |
|---|---|---|
| Caisleán na Finne | Gerard Marron | gerardmarron1@gmail.com |
| Caisleán na Finne | Kenny Catterson | Kenniecatterson11@gmail.com |
| Baile Dhún na nGall | Kevin Mundy | donegaltownmenshed@gmail.com |
| Baile Dhún na nGall | Enda Faulkner | donegaltownmenshed@gmail.com |
| Dún Fionnachaidh | Leselie Stewart | stewartleslie@aol.com |
| Dún Fionnachaidh | David Mc Nally | Davidmcnally1959@gmail.com |
| Na Gleannta | Jimmy Furey | glentiesmensshed@gmail.com |
| Na Gleannta | Brian Carr | glentiesmensshed@gmail.com |
| Na Cealla Beaga | Martina O'Donnell | niallmorcentremanager@gmail.com |
| Cill Mhic Réanáin | Raymond McBride | kilmacshed@gmail.com |
| Cill Mhic Réanáin | Michael McFadden | kilmacshed@gmail.com |
| Leitir Ceanainn | Margaret Toner | mensshedlkenny@gmail.com |
| Leitir Ceanainn | Sean Mc Fadden | mensshedlkenny@gmail.com |
| Leifear | Gerard McGirr | gerardmcgirr@gmail.com |
| Mainéar Uí Chuinneagáin | Frankie Mc Ginley | menshedmanor@gmaill.com |
| Mainéar Uí Chuinneagáin | Liam Barry | menshedmanor@gmail.com |
| Ráth Bhoth | Marie Porter | info@raphoefrc.ie |
| Port Nua agus an Ros Beag | Pasty Harkin | patsyharkin01@gmail.com |
| Droim Thuama | Richard Patterson | drumholmemensshed@gmail.com |
| Droim Thuama | Paddy Battles | drumholmemensshed@gmail.com |

## Gaeltacht

| | | |
|---|---|---|
| Árainn Mhór | John Mc Cafferty | ionad@cffam.com |
| Árainn Mhór | Sally Brady | ionad@cffam.com |
| Cloich Cheannfhaola | Tom Feeney | bothannabhfear@gmail.com |
| Cloich Cheannfhaola | John Fitzgearld | bothannabhfear@gmail.com |
| An Dúchoraidh | Jimmy Mc Ginty | mcginty.jimmy@gmaill.com |
| An Dúchoraidh | Andrea Redmond | andreajeannemarieredmond@outlook.com |
| Gaoth Dobhair | Austin O'Donnell | Scioból.chairman@gmail.com |
| Baile na Finne | Martin Mc Gee | menshedbailenafinne@gmail.com |
| Gleann Bhairr | Mick O Haigan | mickhagan1@gmaill.com |
| Mín an Aoire | Nick North | bernardmchugh777@gmail.com |
| Mín an Aoire | Bernard McHugh | bernardmchugh777@gmail.com |
| Míobhaigh | Derek Little | derek@littlebandb.com |
| Na Rosa | Hugh Mc Glynn | hughmcglynn3@gmail.com |
| Na Rosa | Pat Bonner | coiscuain@gmail.com |
| Toraigh | William Doohan | ccthorai@gmail.com |
| Bun an Phobail | Michael Byrne | movillemensshed@gmail.com |
| Bun an Phobail | Sean Mc Bride | movillemensshed@gmail.com |
| Cionn Mhálanna | Robert Farren | |



# IOMPAR

## SITC – Seirbhís Iompair Tuaithe T/A TFI Nasc Áitiúil Dhún na nGall, Shligigh, Liatroma

Is é SITC an comhlacht atá freagrach as comhordú agus seachadadh gach modh iompair a fhaigheann maoiniú an státchiste i gCo. Dhún na nGall. Oibríonn gníomhaireachtaí iompair phoiblí agus phríobháidigh araon le SITC. I measc na gcineálacha seirbhíse a chomhordaíonn SITC tá bealaí sceidealaithe, seirbhísí sonracha ar nós iompar FSS agus seirbhísí pobail agus deonacha ó dhoras go doras do phaisinéirí. Chun tuilleadh eolais a fháil ar Bhealaí agus Amchláir do na seirbhísí iompair éagsúla go léir i nDún na nGall gabh i dteagmháil le Nasc Áitiúil Dhún na nGall, Shligigh, Liatroma ar 074 974 1644 nó amharc ar a suíomh gréasáin www.locallinkdsl.ie

**Ceantair agus Bealaí a chlúdaíonn SITC**

| |
|---|
| 264 Béal Átha Seanaidh go Leitir Ceanainn |
| 971 Ailt an Chorráin go Leitir Ceanainn |
| 288 Bealach Féich go Doire |
| 290 Beal Féich go Leitir Ceanainn |
| 988 An Clochán go Leitir Ceanainn |
| 292 Baile Dhún na nGall go Béal Átha Seanaidh |
| 293 Gleann Cholm Cille go Baile Dhún na nGall |
| 966 An Fál Carrach go dtí an Clochán Liath |
| 967 Baile na Finne go dtí an Clochán Liath |
| 993 Carraig Airt go dtí na Dúnaibh |
| 994 Port Nua go Dún na nGall |
| 7741 Machaire Rabhartaigh go dtí an Fál Carrach |

| |
|---|
| 245 An Caisleán Nua go Doire |
| 251 Magh go Bun an Phobail |
| 252 An Bheart go Bun Cranncha |
| 952 Carn Domhnach go Doire |
| 953 An Caisleán Nua go Leitir Ceanainn |
| 954 Carn Domhnach go Cionn Mhálanna |
| 957 An Caisleán Nua go Doire |
| 959 An Caisleán Nua go Bun Cranncha |
| 995 Magh go Bun Cranncha |
| 973 Cionn Fhánada go Leitir Ceanainn |
| 987 Leifear go Leitir Ceanainn (i rith an téarma amháin) |
| 989 An Carraigín go Leitir Ceanainn |
| 11614 An tSrúibh go Carn Domhnach |
| 11615 Carraig Mhic Uidhilín go Carn Domhnach |
| 11616 Gleann Aola go Bun an Phobail |
| 11617 Gleann Tóchair go Bun an Phobail |

**Scéim Saorthaistil**

Tá gach duine atá 66 bliana d'aois agus níos sine a chónaíonn go buan sa Stát i dteideal na Scéime Saorthaistil. Cáilíonn roinnt daoine atá faoi bhun 66 bliana d'aois fosta. Má cháilíonn tú faoi choinne saorthaistil, eisítear cárta duit a chaithfidh tú a iompar leat agus tú ag úsáid iompair phoiblí. I gcásanna áirithe, tá Pas Saorthaistil Compánaigh ar fáil a ligeann do dhuine taisteal leis an sealbhóir (mura bhfuil siad in ann taisteal ina n-aonar). Tá saorthaisteal ar fáil ar gach iompar poiblí Stáit, ach roinnt eisceachtaí ann, agus tá sé ar fáil fosta ar sheirbhísí áirithe príobháideacha bus agus farantóireachta. Tig leat taisteal saor in aisce fosta ar sheirbhísí trasteorann áirithe idir Éire agus Tuaisceart Éireann. Glacann oibreoirí príobháideacha iompair bus a roghnaigh dul isteach sa Scéim Saorthaistil le cártaí taistil saor in aisce.


**Cárta Saorthaistil agus Seirbhísí Poiblí**

Tá Cárta Seirbhísí Poiblí tugtha isteach ag an Rialtas a ligfidh do dhaoine teacht ar raon seirbhísí agus íocaíochtaí rialtais. Tiocfaidh an Cárta Seirbhísí Poiblí in ionad an Phas Saorthaistil sa deireadh. Má tá tú i dteideal saorthaistil, nuair a eisítear do Chárta Seirbhísí Poiblí nua duit is é do Chárta Saorthaistil a bheidh ansin fosta. Beidh F-T clóite ar an chárta in ochtagán buí sa choirnéal ar chlé ar bharr an chárta. Caithfidh tú do Chárta Seirbhísí Poiblí a thaispeáint don oibreoir taistil nuair atá iompar poiblí á úsáid agat. Má tá tú 66 bliana d'aois nó níos sine agus má tá pinsean leasa shóisialaigh á fháil agat, eiseofar an Cárta Saorthaistil go huathoibríoch má chláraigh tú do do Chárta Seirbhísí Poiblí. Mura bhfuil tú cláraithe faoi choinne Cárta Seirbhísí Poiblí, iarrfar ort clárú sula n-eiseofar do Chárta Saorthaistil chugat.

**Scéim Saorthaistil Uile-Éireann**

Tugann an scéim seo deis do shealbhóir cárta Saorthaistil taisteal saor in aisce ar gach seirbhís bus agus iarnróid laistigh de Thuaisceart Éireann ag baint úsáid as cárta Pas Cliste do Sheanóirí. Caithfidh sealbhóirí cárta Saorthaistil ar mian leo leas a bhaint as an scéim Saorthaistil Uile-Éireann laistigh de Thuaisceart Éireann cárta Pas Cliste do Sheanóirí a fháil ar dtús. Chun é sin a fháil caithfidh tú foirm iarratais a líonadh isteach. (Ní thig an fhoirm sin a fháil ar líne, caithfidh tú teagmháil a dhéanamh le d'oifig áitiúil leasa shóisialaigh).

Chun tuilleadh eolais a fháil ar aon cheann de na scéimeanna seo nó chun cuidiú a fháil le foirmeacha iarratais déan teagmháil le Rannóg Saorthaistil Oifig na Seirbhísí Leasa Shóisialaigh i Sligeach: 071 915 7100 Glao Áitiúil: 0818 200400 Suíomh Gréasáin: www.welfare.ie
Tig leat teagmháil a dhéanamh fosta le d'Ionad Áitiúil Eolais do Shaoránaigh chun tuilleadh eolais a fháil.



## GRÚPAÍ TACAÍOCHTA ÁITIÚLA

**Béilí ar Rothaí**

Tig le Béilí ar Rothaí a eagrú go seachadfar béile meánlae chuig do theach má tá tú i do chónaí leat féin nó má tá tú éagumasaithe. Tá costas ainmniúil ann in aghaidh an bhéile. Déan teagmháil le d'Altra Sláinte Poiblí chun eolas a fháil faoi na ceantair ina bhfeidhmíonn an tseirbhís seo.

**Naomh Uinseann de Pól**

Is eagraíocht charthanachta é Naomh Uinseann de Pól a thairgeann roinnt seirbhísí ar tacaíochtaí iad ina measc do dhaoine breacaosta leanúint orthu ag maireachtáil go neamhspleách ina dtithe agus ina bpobail féin. I measc na seirbhísí tá béilí cócaráilte, gníomhaíochtaí sóisialta agus áineasa, seirbhísí féinchúraim ar nós áiseanna cithfholctha agus níocháin agus cuidiú dóibh siúd atá i ngátar, lena n-áirítear tacaíocht agus cairdeas.
Faoi choinne tuilleadh eolais tig leat amharc ar www.svp.ie nó teagmháil a dhéanamh lena n-oifig áitiúil ar svpnorthwest@gmail.com
Guthán: 074 917 3933 lena nOifig Náisiúnta ar
Guthán: 01 838 6990
Rphost info@svp.ie

**Cúramóirí Teaghlaigh Éireann**

Is eagraíocht dheonach náisiúnta na hÉireann é Cúramóirí Teaghlaigh Éireann do chúramóirí teaghlaigh sa bhaile agus is é an cumasc de Chúram don Lucht Cúraim agus Cumann na gCúramóirí. Cuireann Cúramóirí Teaghlaigh Éireann tacaíochtaí agus seirbhísí éagsúla ar fáil do chúramóirí teaghlaigh amhail oiliúint do chúramóirí; seirbhísí cúraim baile; eolas faoi Chearta agus Teidlíochtaí cúramóirí; comhairle dlí saor in aisce; agus seirbhísí comhairleoireachta duine le duine agus seirbhísí abhcóideachta pearsanta araon. Oibríonn siad Líne Chúraim Shaorghlao rúnda ar 1800 240 724 a thairgeann comhairle agus tacaíocht do chúramóirí teaghlaigh.

**Cumann Alzheimer na hÉireann**
Oibríonn Cumann Alzheimer na hÉireann ar fud na tíre i bpobail áitiúla ag cur seirbhísí agus tacaíochtaí ar fáil a bhaineann go sonrach le néaltrú agus a thacaíonn le cearta agus riachtanais gach duine atá ag maireachtáil le néaltrú agus a gcúramóirí. Oibríonn siad Líne Chabhrach Náisiúnta Alzheimer fosta a thairgeann eolas agus tacaíocht do dhuine ar bith a dtéann néaltrú i bhfeidhm orthu ar 1800 341 341.
Seirbhís Chomhairleoirí um Néaltrú Dhún na nGall Thuaidh
Déan teagmháil le: Dawn Thompson - Teil: 0873802957 nó ríomhphost: dawnthompson@alzheimer.ie Nó amharc ar: www.alzheimer.ie

ALONE
YOU'RE NOT ALONE

Oibríonn ALONE le daoine breacaosta, lena n-áirítear iad siúd atá uaigneach, scoite amach, lag nó tinn, gan dídean, ag maireachtáil i mbochtaineacht, nó a bhfuil deacrachtaí eile acu. Soláthraíonn siad córas comhtháite de Chomhordú Tacaíochta, Tacaíochtaí Praiticiúla, Tacaíocht agus Cairdeas, Seirbhísí Gutháin éagsúla, Oideasú Sóisialta, Tithíocht le Tacaíocht, agus teicneolaíocht chúnta.
Úsáideann siad pleananna tacaíochta, soláthraíonn siad pointe teagmhála le haghaidh rochtana ar shláinte, ar chúram sóisialta, ar thithíocht, ar iompar agus ar riachtanais eile a thagann chun cinn ag baint úsáid as teicneolaíocht agus seirbhísí agus gníomhaíochtaí eile chun folláine fhisiciúil, mhothúchánach agus mheabhrach a fheabhsú. Tá beagnach 5000 oibrí deonach ag ALONE ar fud na tíre a dhéanann agus a sholáthraíonn tacaíochtaí praiticiúla do dhaoine breacaosta, cuairteanna agus scairteanna gutháin, ag nascadh daoine breacaosta le gníomhaíocht shóisialta agus le bheith i gcomhluadar.

**Má bhíonn tacaíocht de dhíth ort nó más mian leat atreorú a dhéanamh, cuir scairt ar ár líne chabhrach náisiúnta**

**0818 222 024**

Ceann Seirbhíse Réigiúnaí
Tom Timmins tom.timmins@alone.ie 086 810 8539
Bainisteoirí Foirne don Iarthar agus don Iarthuaisceart:
Michael Purtill
Michael.Purtill@alone.ie
086 014 5831
Ciarán Gilligan ciaran.gilligan@alone.ie 083 878 6080

GRÚPAÍ TACAÍOCHTA ÁITIÚLA

DONEGAL
Food Response
NETWORK

**Cuidíonn Líonra Freagartha Bia Dhún na nGall le daoine aonair agus le teaghlaigh atá i ngátar. Ag déanamh tearcrochtain bhia i nDún na nGall a chomhrac, ag athrú saol daoine, ag déanamh difir ó 2017.**

Cloich Cheannfhaola/ An Fál Carrach
Banc Bia CTR Chloich Cheanfhaola
Eilish /Lynda 085 7560177

Ionad Acmhainní Teaghlaigh Ghleann na Finne
Sally Mooney
074 91 31245

Ionad Acmhainní Teaghlaigh Dhún na nGall
Kathleen McHugh
Mary Quinn Julie Cassidy
074 97 25337

Comharchumann Forbartha agus Fostaíochta Árainn Mhóir John McCafferty
074 95 20024 / 087 0983749

Comhpháirtíocht Forbartha Pobail (CFP) na Rosann
Rosanne Ní Ghallchóir
rossescdp@gmail.com
087 9615775

The Mustard Seed
Mary Doherty Louise Bustard
Jacqueline Mc Glinchey
087 9781519

Ionad Naomh Pádraig
Máire Uí Chomhaill
074 95 32949

Ionad Acmhainní Teaghlaigh na Finne
Sally Mooney
074 91 31245

Banc Bia 'We Care LK ' Moira Sweeney
Oibrí Deonach agus Rúnaí
www.wecarelkfoodbank.ie 087 1471325

CFP na Rosann
Rosanne Ní Ghallchóir
rossescdp@gmail.com
087 9615775

The Doorway Project
Sorcha Mac Elhinney
086 7831376

Ionad Acmhainní Teaghlaigh Ráth Bhoth
Laura Doran
074 91 45796

Cúirt na Tríonóide, An Baile Nua 086 1513711

Ionad Acmhainní Teaghlaigh Bhun an Phobail
085 2042073

Ionad Pobail Chluain Maine
086 4089481

Líonra Bia Ráth Mealtain
085 1211392

Spraoi agus Spórt 087 6390500

The Exchange Buncrana (Bun Cranncha)
087 7955401

An Machaire Le Chéile
Hugh Gerard Boyle
074 95 22724

Ionad Acmhainní Teaghlaigh Theach Cara
Martina McGinty
086 122302

**Ionad Tréadchúraim Dheoise Ráth Bhoth**

Is áit í Ionad Tréadchúraim Ráth Bhoth ina gcuirtear fáilte roimh gach duine. Feidhmíonn sé mar acmhainn do gach duine aonair, gach teaghlach agus na pobail ar fad trí sheirbhísí tacaíochta agus cláir oideachais.

Is iad seo a leanas na príomhréimsí atá san áireamh: Comhairleoireacht, Cúram Teaghlaigh agus Méala, Forbairt Thréadach, Seirbhísí Tacaíochta, Grúpaí Tacaíochta, Forbairt Phearsanta, Tacaíocht Meabhairshláinte, Oideachas agus cláir chreidimh Deoise.

Cuireann an tSeirbhís Comhairleoireachta comhairleoireacht duine le duine agus comhairleoireacht teaghlaigh ar fáil agus is seirbhís í sin atá ag bogadh amach ón Ionad Tréadchúraim faoi láthair. Chun leas a bhaint as coinne déan teagmháil dhíreach leis an tSeirbhís Comhairleoireachta ar 074 930 4025.

**Cumann Ioslamach Leitir Ceanainn**

Is comhlacht é Cumann Ioslamach Leitir Ceanainn atá cláraithe go hoifigiúil in Éirinn agus is é ionadaí an phobail Mhoslamaigh i Leitir Ceanainn agus i gCo. Dhún na nGall.

Reáchtálann an cumann masjid áitiúil agus bíonn paidreacha ann ar an Aoine.

info@islaminletterkenny.com

**Ionad Pobail na nIndiach, Leitir Ceanainn**

Tá déithe Hiondúcha fíoráille le feiceáil san Ionad Pobail, nithe maorga a tugadh anonn go speisialta ón India. Ina theannta sin, tá halla ilfheidhmeach ilúsáide ann, a fheidhmíonn mar mhol faoi choinne gníomhaíochtaí éagsúla de chuid an Phobail, imeachtaí cultúrtha, agus teacht le chéile.

Spás atá san Ionad seo ina gcothaítear saibhriú spioradálta, caomhnú cultúrtha agus aontacht phobail. Seasann Ionad Pobail na hIndia mar lóchrann d'oidhreacht chultúrtha agus áit chruinnithe bhríomhar do dhaoine de gach aois agus cúlra.

www.letterkennyindians.ie

**Comhpháirtíocht Forbartha Pobail Leitir Ceanainn**

Is Comhpháirtíocht Forbartha Pobail é C.F.P. Leitir Ceanainn a thugann Freagra Pobail ar mhí-úsáid Alcóil/Drugaí ar fud Chontae Dhún na nGall.

Cuirimid tacaíocht, treoir agus oideachas neamhbhreithiúnach ar fáil d'úsáideoirí drugaí/alcóil, dá dteaghlaigh agus don phobal, rud a chuireann ar a gcumas dul i ngleic le héifeachtaí úsáid drugaí/alcóil ina saol laethúil.

Guthán: 074 9120633

Rphost:maryechealy@gmail.com karengallenstart@gmail.com

**Déan teagmháil lenár nOibrithe For-Rochtana**
**Mary Vernon ar: 0867752142**
**Leitir Ceanainn agus na bólaí sin -Luan-Aoine**
**Nó**
**Karen Gallen ar: 0873885080 do cheantar Ghleann na Finne Luan go hAoine**

**Ionad Ban Dhún na nGall**

Cuireann Ionad Ban Dhún na nGall spás ar fáil ina dtig le mná tabhairt faoina gcneasú agus a bhforbairt féin i dtimpeallacht shábháilte, chomhbhách agus thacúil.

Guthán: (074) 912 4985
Bóthar Port, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall.
donegalwomenscentre@gmail.com

**Tionscadal Lucht Siúil Dhún na nGall**

Is eagraíocht forbartha pobail atá lonnaithe go háitiúil é Tionscadal Lucht Siúil Dhún na nGall atá ag obair ar son agus le pobail an Lucht Siúil agus na Romach i nDún na nGall.

| Oifig Bhéal Átha Seanaidh | Príomhoifig Dhún na nGall | Oifig Leitir Ceanainn 2 |
|---|---|---|
| (074) 98 51936 | (074) 912 9281 | 18 Árasáin Cheilteacha, |
| An Phríomhshráid, | travcomdtp@gmail.com | Bóthar an Phiarsaigh, |
| Béal Átha Seanaidh, | Teach Port, Bóthar Port, | Leitir Ceanainn,<br>Co. Dhún na nGall, |
| Co. Dhún na nGall | Leitir Ceanainn, | F92YF57 |
| | Co. Dhún na nGall | |

## Forbairt Áitiúil Dhún na nGall CTR

Is eagraíocht faoi stiúir an phobail í Forbairt Áitiúil Dhún na nGall CTR atá i ndiaidh a bheith ag tacú le daoine agus pobail ar fud Chontae Dhún na nGall ó bhí 1995 ann.

Arna chomhchistiú ag an Aontas Eorpach
Co-Funded by the European Union
"The Social Inclusion and Community Activation Programme (SICAP) is co-funded by the Irish Government, through the Department of Rural and Community Development, and the European Social Fund Plus under the Employment, Inclusion, Skills and Training (EIST) Programme 2021 -2027.

Cuireann sé réimse leathan seirbhísí ar fáil lena n-áirítear tacaíochtaí fostaíochta, comhairle i dtaca le gnólachtaí nuathionscanta, oiliúint, cláir sláinte agus folláine, agus deiseanna faoi choinne foghlama agus obair dheonach. Tá Forbairt Áitiúil Dhún na nGall CTR á reáchtáil ag Bord deonach agus oibríonn sé i gcomhpháirtíocht le grúpaí áitiúla, leis an rialtas, agus le comhlachtaí stáit.

